

Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 38

Sláinte

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá i gceangal leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Sláinte, agus ar sheirbhísí áirithe eile arna riar ag an Oifig sin, lena n-áirítear deontais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an olltoradh buiséid maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €54.507 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Stáitchiste.

Cuimsítear an ráiteas maidir le beartais agus prionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 - 6 mar chuid den chuntas.

Feidhmeanna a aistriú

An 24 Iúil 2024, d'fhormheas an Rialtas aistriú na feidhme maidir le Seirbhísí Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil (LAVS) ón Roinn Sláinte chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM). Rinneadh foráil sa chinneadh seo d'aistriú céimnithe na rialuithe oifigiúla ar shábháilteacht bia, d'aistriú buan an mhaoinithe ghaolmhair, agus d'aistriú na n-acmhainní foirne ábhartha chuig DAFM.

Mar chuid de chur chun feidhme an chinnidh seo, rinneadh an maoiniú a bhíodh á íoc as Vóta 38 (Sláinte) chun na rialuithe tréidliachta seo a sholáthar a athshannadh go buan do DAFM. Maidir le 2025, aistríodh €7.7 milliún chuig DAFM chun tacú le feidhmiú iomlán na seirbhíse.

Is ar DAFM anois go hiomlán atá an fhreagracht as na gealltanais oibríochtúla, foirne agus chaiteachais uile a bhaineann le Seirbhísí Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil, agus níl aon dliteanais iarmharacha fágtha ar Vóta 38.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Tá na beartais agus na prionsabail chuntasaíochta caighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gcioclán 25 de 2025, curtha i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeáin Chuntasaíochta de chuid an Rialtais Láir (CGAS) a tugadh i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí cuntais a thosaíonn ón 1 Eanáir 2025.

Íocaíochtaí le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Cuirtear cistí ar aghaidh chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun seirbhísí a sholáthar ar bhonn deontais, i gcomhréir leis an maoiniú atá leagtha amach sa litir chinnidh bhliantúil a eisítear chuig FSS agus ina leagtar amach an leibhéal caiteachais atá faofa di. B'ionann an maoiniú deontais a íocadh le FSS in 2025 agus €25.483 billiún (2024: €24.111 billiún), agus muirearaíodh é ar na fo-cheannteidil ábhartha. Tugtar cuntas air seo faoi 18 bhfo-cheannteideal – gach fo-cheannteideal ó fho-cheannteideal I go fho-cheannteideal T.1, seachas fo-cheannteideal M.1, a bhaineann le caiteachas caipitiúil gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne seachas FSS.

Tugadh fo-cheannteidil réigiúnacha isteach in 2025, rud a laghdaigh an maoiniú a leithdháileadh faoi fho-cheannteideal J.1 agus a rinne an maoiniú sin a athdháileadh ar na réigiúin sláinte nua i gcomhréir le clár athchóirithe Sláintecare.

Rinne an Roinn réamhíocaíocht €80.913 milliún le FSS i leith párollaí dar dáta an 2 Eanáir 2026. Gearradh an méid sin ar chuntas dochair ar an ráiteas maidir leis an staid airgeadais.

Dímheas sócmhainní caipitil

Déantar dímheas réadmhaoinne, gléasra agus trealamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Tá saolréanna úsáide agus rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta na móraicmí sócmhainní caipitil mar seo a leanas.

<i>Aicme sócmhainne</i>	<i>Saolré fhóinteach</i>	<i>Ráta dímheasa/ amúchta</i>
Trealamh TF	5 bliana	20%
Ceadúnais bogearraí	5 bliana	20%

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí.

Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a choinneáil agus coimeádtar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go ndéantar na rialuithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Tá próiseas iniúcháireachta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuntasaíochta um Sheirbhísí Comhroinnte chun dearbhú neamhspleách a thabhairt maidir le hoibriú na rialuithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte.

Is meascán díobh seo a leanas an dearbhú seo:

- d'obair iniúcháireachta inmheánaí arna déanamh ag Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, agus
- Iniúchtaí arna ndéanamh ag comhlacht cuntasóirí faoi réir ag Caighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhuíthe Lontaofachta (ISAE 3402), arna ndearadh chun tuairisciú chuig ranna úsáideora agus a n-iniúcháirí maidir leis na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Tuairiscítear ar éifeachtúlacht na rialuithe a oibríodh in 2025 sna hiniúchtaí sin.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach iomchuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a thabhairt dom mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach a chomhlíonadh.
- rinneadh doiciméadú ar nósanna imeachta le haghaidh príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú.
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearaigh athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú.
- Tá treoirínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá ceadaithe agam, agus atá faoi stiúir comhalta cáilithe d'Institiúid Chairte na nIniúcháirí Inmheánacha. Tá a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a phleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, arna gcomhcheadú agamsa agus ag an Coiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomh-rialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Ina theannta sin, cuireadh seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí ar fáil in 2025, den chuid is mó, i gcomhréir leis na *Caighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaí do Ranna agus Oifigí Rialtais* (nuashonraithe in 2025), arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin.

Deimhním go bhfuil Coiste Iniúchóireachta neamhspleách agus cáilithe in situ ag an Roinn, agus gur fheidhmigh sé go sásúil i rith na bliana. Is féidir liom a dheimhniú freisin gur fheidhmigh an Coiste Iniúchóireachta i gcomhréir le cairt a d'fhorhmeas mé.

Déanann mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agus déantar measúnú neamhspleách cáilíochta uirthi uair amháin ar a laghad gach cúig bliana. Ina theannta sin, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar obair leantach iomchuí ar na tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus ar sheirbhísí conartha eile agus €10.2 milliún san iomlán in 2025 (CBL san áireamh).

Chuir an Roinn sonraí faoi shé chonradh ar luach os cionn €25,000 an ceann, a soláthraíodh gan próiseas iomaíoch, ar fáil sa tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin.

Níor aimsíodh go raibh aon chonradh neamhchomhlíontach de réir treoirlínte soláthair in 2025.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena sainithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le creat bainistíochta riosca na Roinne a leabú. Tá timthriall ráithiúil tuairiscithe riosca curtha i bhfeidhm, rud a mhéadaíonn an rannpháirtíocht le e-Risk (an clár rioscaí) ar fud na Roinne. Ainmníodh Meán Fómhair 2025 mar 'Mhí ina nDírítear Aird ar Riosca', agus díriodh ar phríomhghnéithe an phróisis bainistíochta riosca. Cuireadh oiliúint i mbainistíocht riosca ar fáil don fhoireann uile maidir le bainistíocht riosca a leabú, chomh maith le hoiliúint shaincheaptha d'aonaid líne atá freagrach as maoirseacht rialachais riosca ar chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne. Dírionn na tionscnaimh sin ar chultúr atá feasach ar riosca a leabú sa Roinn.

Tháinig an Coiste Riosca le chéile go rialta chun maoirseacht éifeachtúil agus dearbhú ar bhainistiú riosca a chinntiú. Cuireadh nuashonruithe rialta maidir le bainistíocht riosca faoi bhráid Choiste Rialachais Chorporáidigh na Roinne, fochoiste de chuid an Bhoird Bainistíochta, a thugann dearbhú don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoiriúnacht agus stóinseacht chórais, phróisis agus nósanna imeachta rialachais corporáidigh na Roinne.

Beidh an bhéim le linn 2026 ar athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an gcreat bainistíochta riosca chun cumais inmheánacha bainistíochta riosca a bharrfheabhsú.

Rialachas san earnáil sláinte

Tá cur chuige na Roinne maidir le rialachas a bhainistiú ar fud na hearnála sláinte in 2025 bunaithe ar *Chód Cleachtais na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)*. Is iad na haonaid ainmnithe laistigh den Roinn atá faoi stiúir leibhéal an Phríomhoifigigh a dhéanann maoirseacht ar chomhlachtaí faoi choimirce le hionchur agus tacaíocht ó Aonad Rialachais agus Riosca na Roinne agus ó aonaid ábhartha eile.

Ar an gcéad dul síos, is ar bhord agus ar chathaoirleach gach comhlachta faoi choimirce na Roinne atá an fhreagracht as sainordú agus feidhmeanna an chomhlachta sin a chur i gcrích.

Is í an reachtaíocht lena mbunaítear na comhlachtaí, agus na ceanglais atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais*, a chinneann go príomha an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí faoina coimirce.

Faoin *gCód Cleachtais*, bhí comhaontuithe maoirseachta agus comhaontuithe maidir le feidhmíocht a sheachadadh i bhfeidhm le comhlachtaí faoi choimirce le linn 2025. Díritear leis an cur chuige seo ar aschuir agus ar thorthaí agus áirítear ann táscairí feidhmíochta lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil chun seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar.

Ullmhaíonn FSS plean corparáideach a chlúdaíonn tréimhse trí bliana agus déanann an tAire Sláinte é a fhaomhadh. D'fhoilsigh FSS Plean Corparáideach reatha FSS 2025-2027 an 10 Iúil 2025. Gach bliain, leanann FSS ar aghaidh ag ullmhú *Plean Seirbhíse Náisiúnta* ina leagtar amach cineál agus méid na seirbhísí atá beartaithe aige a sholáthar don mhaoiniú atá ar fáil. Comhlíonann an *Plean Seirbhíse Náisiúnta* seo alt 9.5.2 den chomhaontú maoirseachta maidir leis na ceanglais a bhaineann le comhaontú seachadta feidhmíochta. D'fhormheas an tAire Sláinte *Plean Seirbhíse Náisiúnta* 2025 an 3 Eanáir 2025, faoi réir FSS roinnt leasuithe comhaontaithe a dhéanamh. Ina dhiaidh sin, leagadh an plean leasaithe nuashonraithe faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais de réir an cheanglais reachtúil in alt 31(13) den Acht Sláinte, 2004 (arna leasú), agus d'fhoilsigh FSS é an 14 Eanáir 2025.

Cuireann FSS tuarascálacha feidhmíochta isteach go míosúil i rith na bliana, agus bíonn cruinnithe míosúla ar siúl ag leibhéil éagsúla idir an dá eagraíocht chun saincheisteanna feidhmíochta leanúnacha nó saincheisteanna feidhmíochta atá ag teacht chun cinn a phlé agus chun gníomhartha a chinneadh chun réimsí inní a fheabhsú.

Maidir le comhlachtaí eile faoi choimirce, foráiltear go ginearálta sa reachtaíocht do phlean corparáideach ilbhliantúil agus do phlean gnó bliantúil. Ceadaíonn na pleananna seo, faoi seach, straitéis corparáideach fhoriomlán agus tosaíochtaí bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú leis an Roinn.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don bhord bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, go tráthúil. Deimhnímh gur sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara, agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánaigh***Íocaíocht dhéanach cánacha***

Rinne an Roinn nochtadh deonach do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le CBL a íoc go déanach ar shonrasc eachtrach. Fuair an Roinn an sonrasc in 2023, ach níor cuireadh faoi bhráid an Aonaid Cuntas é lena íoc go dtí Eanáir 2025. Cé gur íocadh an CBL a bhí dlite nuair a íocadh an sonrasc in 2025, ceanglaítear faoin Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010, cuntas a thabhairt ar CBL sa tréimhse ina bhfuarthas an tseirbhís. Mar thoradh air sin, ríomh na Coimisinéirí Ioncaim ús €23,560 i leith na tréimhse idir an dáta a tháinig an CBL chun bheith dlite agus dáta na híocaíochta.

Rinne an Roinn athbhreithniú freisin ar bhallraíochtaí gairmiúla agus ar shíntiúis a íocadh thar ceann fostaithe. Fuarthas san athbhreithniú nach raibh ballraíochtaí áirithe incháilithe do dhíolúine ó Shochar Comhchineáil (BIK). Cé go raibh na ballraíochtaí sin chun tairbhe na bhfostaithe agus iad i mbun a ról, níor measadh iad a bheith riachtanach chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Mar thoradh air sin, bhí Sochar Comhchineáil gan íoc, mar aon leis an ús gaolmhar, arbh fhiú €4,819 é, le híoc.

Ghearr na Coimisinéirí Ioncaim pionós €8,846, rud a d'fhág dliteanas iomlán €37,225. Rinne an Roinn íocaíocht amháin €16,810 i mí na Samhna 2025 tráth an nochta, agus íocadh na méideanna a bhí fágtha in 2026.

Íocaíocht ex gratia gan ceadú

Le linn 2025, rinneadh íocaíocht €75,000 san iomlán le Organisation Anticonvulsant Syndromes Ireland (OACS Ireland) mar chuid dá chuid oibre maidir leis an bhFiosrúchán ar Valpróáit Sóidiam. Rinneadh an íocaíocht agus de bhun cinneadh Rialtais lenar ceadaíodh do chathaoirleach an fhiosrúcháin comhairle a thabhairt maidir leis na tacaíochtaí ba ghá chun rannpháirtíocht othar san fhiosrúchán a éascú.

Sa chás seo, níor lorgaíodh an ceadú riachtanach ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin ar an modh a fhorordaítear faoi Nósanna Imeachta *Airgeadais Phoiblí na Roinne* sin.

Rinne an bhainistíocht athbhreithniú ar na himthosca a bhain leis an idirbheart seo agus tá bearta ceartaitheacha á ndéanamh aici chun nach dtarlóidh a leithéid arís. Áirítear leis sin: (i) treoir a eisiúint don fhoireann maidir le ceanglais cheadaithe; (ii) rialuithe athbhreithnithe réamhíocaíochta a neartú; agus (iii) nósanna imeachta inmheánacha a nuashonrú lena chinntiú go mbeidh gach íocaíocht a dteastaíonn ceadú seachtrach ina leith faoi réir seiceáil bhreise comhlíontachta.

Níor sainaithníodh aon laigí breise i rialuithe inmheánacha maidir le 2025 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Robert Watt

Oifigeach Cuntasaíochta

Sláinte

24 Márta 2026

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 38 Sláinte

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 38 Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 38 Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Sláinte agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscim orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Leithdháileadh leapacha meabhairshláinte

Déantar athbhreithniú i gCaibidil 27 de mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*, don bhliain 2025 athbhreithniú ar shaincheisteanna a bhaineann le leithdháileadh leapacha meabhairshláinte ginearálta d'othair chónaitheacha ghéarchúraim aosacha atá cláraithe le FSS.

Aisíocaíocht le Ciste Dlúthpháirtíochta an AE

Áirítear sa ráiteas ar an staid airgeadais soláthar i leith aisíocaíochta dóchúla €14 milliún atá dlite don AE, a eascraíonn as iniúchadh a rinneadh in 2025 ar mhaoiniú deontais a bhaineann le Covid ó Chiste Dlúthpháirtíochta an AE. Leagtar amach sonraí an cháis i gCaibidil 10 de mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*, don bhliain 2025.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 38 Sláinte

Cuntas Leithreasa 2025

Seirbhís	2025		2024
	Soláthar sna meastacháin	Toradh iarbhir	Toradh iarbhir
	€000	€000	€000
Riarachán			
A.1 Tuarastail, pá agus liúntais	56,357	54,605	50,488
A.2 Taisteal agus cothú	800	550	566
A.3 Oiliúint agus forbairt	770	711	651
A.4 Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil	1,949	1,313	1,313
A.5 Infheistíocht caipitil dhigitigh agus speansais TF	2,560	2,130	1,751
A.6 Speansais áitribh	1,339	1,038	1,044
A.7 Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde	1,834	716	513
Deontais			
B.1 Deontais do chomhlachtaí taighde	58,070	56,701	51,951
B.2 Ciste Éire Shláintiúil	16,969	16,617	15,384
B.3 Tionscnamh Drugaí	11,626	6,936	5,757
Seirbhísí eile			
C Speansais maidir le EDS agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile	4,703	4,816	4,535
D Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha	11,073	4,404	7,142
E.1 Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta agus comhairleacha	138,337	110,874	109,692
E.2 An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia	6,335	6,333	5,691
E.3 An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála	230,022	240,000	100,000
E.4 INTERREG na hÉireann/Thuaisceart Éireann	1,662	1,650	—
— Gníomhartha Covid na gníomhaireachta	—	—	139,000
F.2 Íocaíochtaí i dtaca le daoine atá i mbun éilimh faoi dhochar ó vacsaíniú	1	—	—

Seirbhís		2025		2024
		Soláthar sna meastacháin		Olltoradh
		€000	€000	€000
Seirbhísí eile (ar lean)				
F.3	Íocaíochtaí le cuntas speisialta arna bhunú faoi Alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002	15,500	14,374	12,721
F.4	Íocaíochtaí le ciste cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002	2,500	2,456	2,186
G	Faisnéis, comhdhálacha agus foilseacháin maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte	3,463	3,381	2,532
H	Sláintecare	8,300	5,548	5,945
Riarachán corparáideach				
I	Glanchoistais phinsin			
	Bunmhéid	887,215		
	Forlíontach	2,316		
		889,531	881,027	833,091
Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta FSS				
J.1	Croísheirbhísí FSS – náisiúnta			
	Bunmhéid	2,315,110		
	Forlíontach	(47,519)		
		2,267,591	2,370,102	15,057,642
—	Gníomhartha Covid-19 FSS		—	850,666
Seirbhísí FSS eile				
K.1	Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (An Crannchur Náisiúnta)	4,513	—	—
K.2	Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta – An tAcht Sláinte (Aisíoc) 2006	1,700	—	—
K.3	Íocaíocht le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2006 – Scéim Árachais	1,000	762	1,043

Seirbhís	Soláthar sna meastacháin		2025	2024
	€000	€000	Olltoradh €000	Olltoradh €000
Seirbhísí FSS eile (ar lean)				
K.4 Íocaíochtaí leis an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát maidir le faillí chliniciúil				
	<i>Bunmhéid</i>	510,000		
	<i>Forlíontach</i>	(83,239)		
		426,761	405,253	417,046
K.5 Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin)		1,985	—	710
Clár cúraim				
L.1 Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil				
	<i>Bunmhéid</i>	4,075,084		
	<i>Forlíontach</i>	143,037		
		4,218,121	4,160,000	4,216,125
L.2 Scéimeanna áitiúla atá bunaithe ar éileamh				
	<i>Bunmhéid</i>	364,424		
	<i>Forlíontach</i>	14,979		
		379,403	385,000	—
L.3 Cúram cónaithe fadtéarmach				
	<i>Bunmhéid</i>	1,231,357		
	<i>Forlíontach</i>	23,468		
		1,254,825	1,274,270	1,169,878
Seirbhísí caipitil				
M.1 Deontais i leith foirgneamh agus trealamh (TFC san áireamh)		19,927	15,865	14,426
M.2 Tógáil agus trealamh (saoráidí sláinte)				
	<i>Bunmhéid</i>	1,250,000		
	<i>Forlíontach</i>	(55,903)		
		1,194,097	1,198,102	1,139,742
M.3 Córais faisnéise do ghníomhaireachtaí sláinte				
	<i>Bunmhéid</i>	562,318		
	<i>Forlíontach</i>	58,000		
		620,318	623,970	425,188

Seirbhís		2025		2024
		Soláthar sna meastacháin	Toradh iarbhair	Toradh iarbhair
		€000	€000	€000
Croísheirbhísí FSS — limistéir sláinte réigiúnacha				
O.1	RHA 1 Baile Átha Cliath agus an Oirthuaisceart			
	<i>Bunmhéid</i>	3,083,971		
	<i>Forlíontach</i>	54,289		
			3,138,260	3,113,923
P.1	RHA 2 Baile Átha Cliath agus Lár na Tíre			—
	<i>Bunmhéid</i>	3,281,209		
	<i>Forlíontach</i>	58,790		
			3,339,999	3,374,206
Q.1	RHA 3 Baile Átha Cliath agus an Oirdheisceart			—
	<i>Bunmhéid</i>	2,407,246		
	<i>Forlíontach</i>	42,663		
			2,449,909	2,447,242
R.1	RHA 4 an Meániarthar			—
	<i>Bunmhéid</i>	1,060,299		
	<i>Forlíontach</i>	19,003		
			1,079,302	1,101,179
S.1	RHA 5 an tIardheisceart			—
	<i>Bunmhéid</i>	1,811,963		
	<i>Forlíontach</i>	32,045		
			1,844,008	1,841,546
T.1	RHA 6 an tIarthar agus an tIarthuaisceart			—
	<i>Bunmhéid</i>	2,309,910		
	<i>Forlíontach</i>	40,168		
			2,350,078	2,306,643
Ollchaiteachas				
	<i>Bunmhéid</i>	25,753,401		
	<i>Forlíontach</i>	302,097		
			26,055,498	26,034,243
<i>Bain as</i>				
Leithreasai-i-gcabhair			416,417	449,669
Glanchaiteachas				
	<i>Bunmhéid</i>	25,336,984		
	<i>Forlíontach</i>	302,097		
			25,639,081	25,584,574
				24,195,005

Barrachas

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a úsáideadh le géilleadh don Státchiste.

	2025	2024
	€	€
Barrachas le géilleadh	<u>54,506,851</u>	<u>28,203,497</u>

Robert Watt

Oifigeach Cuntasaíochta
Sláinte

24 Márta 2026

Nótaí don Chuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2025

	2025	2024
	€000	€000
Caiteachas ar riarachán na Roinne	61,063	56,326
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir	25,973,180	24,588,093
Ollchaiteachas	26,034,243	24,644,419
<i>Bain as</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	449,669	449,414
Glanchaiteachas	25,584,574	24,195,005
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Maoín, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(130)	
Dímheas	64	
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	(177)	
Amúchadh le linn na bliana	5	
	(238)	(12)
Athruithe ar fhorálacha neamhreatha (nóta 2.5)	(6,267)	37,795
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú i réamhíocaíochtaí	(4,930)	
Laghdú ar ioncam fabhraithe	69	
Méadú ar fhorálacha	13,999	
Méadú ar speansais fhabhraithe	82	
	9,220	19,658
Caiteachas díreach	25,587,289	24,252,446
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	21,901	21,635
Glanhostas cláir	25,609,190	24,274,081

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 38 a tabhaíodh in áit eile.

		2025	2024
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	41	41
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor	13,364	13,029
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	7,494	7,643
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	111	62
Vóta 20	Garda Síochána	448	400
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	138	138
Príomh-Chiste – pinsin aireachta		305	322
		21,901	21,635

Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní seasta			
Maoín, gléasra agus trealamh	2.1	178	112
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	174	2
		352	114
Sócmhainní reatha			
Réamhíocaíochtaí	2.3	6,258	1,328
Ioncam fabhraithe		223	292
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	83,651	82,844
Glan-mhaoiniú Státchiste	2.8	4,836	4,302
		94,968	88,766
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Forálacha	2.5	25,952	11,953
Speansais fabhraithe	2.6	7,423	7,341
Rótharraingt bhainc	2.8	81,214	81,490
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.7	7,273	5,656
		121,862	106,440
Glandhlíteanais reatha		(26,894)	(17,674)
Dlíteanais neamhreatha			
Soláthairtí	2.5	31,528	37,795
Glandhlíteanais		(58,070)	(55,355)
Arna n-ionadú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.9	(58,070)	(55,355)

2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

	Trealamh Oifige agus TF €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil		
Amhail an 1 Eanáir 2025	358	358
Breiseanna	130	130
Coigeartú ^a	18	18
Amhail an 31 Nollaig 2025	506	506
Dímheas carntha		
Amhail an 1 Eanáir 2025	246	246
Dímheas don bhliain	64	64
Coigeartú ^a	18	18
Amhail an 31 Nollaig 2025	328	328
Glansócmhainní		
Amhail an 31 Nollaig 2025	178	178
Amhail an 31 Nollaig 2024	112	112

Nóta ^a Cuireadh sócmhainn a bhí dímheasta go hiomlán ach a bhí fós in úsáid leis an gclár.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Ceadúnais bhogearraí a fuarthas €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil		
Amhail an 1 Eanáir 2025	119	119
Breiseanna	177	177
Amhail an 31 Nollaig 2025	296	296
Dímheas carntha		
Amhail an 1 Eanáir 2025	117	117
Amúchadh don bhliain	5	5
Amhail an 31 Nollaig 2025	122	122
Glansócmhainní		
Amhail an 31 Nollaig 2025	174	174
Amhail an 31 Nollaig 2024	2	2

2.3 Réamhíocaíochtaí

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Ciste Éire Shláintiúil	2,805	703
Ciste Comhtháthaithe Sláintecare	1,572	276
Corparáideach FSS	600	—
An Institiúid um Shláinte Phoiblí	492	—
Crois Dhearg na hÉireann	300	—
Ollscoil na Banríona Béal Feirste	255	113
Réamhíocaíochtaí eile	116	174
Oiliúint	93	62
Bord Bia	25	—
	6,258	1,328

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Féichiúnaí FSS (réamhíocaíocht mhaoinithe)	80,913	78,109
Binse Cúitimh Heipitéas C	1,375	3,532
Tuarastail na Roinne (réamhíocaíocht mhaoinithe)	1,142	1,069
Míreanna fionraí dochair eile	127	77
Caiteachas ar an scéim pas taistil inaisíochtha	59	50
Caiteachas taistil in-aisíochtha	31	7
Tuarastal in-aisghabhála	4	—
	83,651	82,844

2.5 Forálacha

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Dámhachtainí agus cúitimh Bhinse Heipitéas C	29,988	35,603
Forálacha dlíthiúla eile	13,492	14,145
Eile ^a	14,000	—
Iomlán	57,480	49,748
Dliteanais reatha	25,952	11,953
Dliteanais neamhreatha	31,528	37,795

Gluaiseacht gach aicme forála in 2025

	Dámhachtainí agus íocaíochtaí cúitimh Bhinse Cúitimh Heipitéas C €000	Forálacha dlíthiúla eile €000	Eile ^a €000
Iarmhéid Tosaigh	35,603	14,145	—
Foráil bhreise déanta	5,029	—	14,000
Méideanna a úsáideadh	(11,579)	(978)	—
Caiteachas Úis	935	325	—
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	29,988	13,492	14,000

Nóta ^a Mar thoradh ar iniúchadh in 2025 ar bhainistiú agus rialú na Roinne ar dheontas ó Chiste Dlíthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (EUSF), ríomhadh aisíocaíocht dhóchúil a bhí dlíthe don Aontas Eorpach, arbh é €14 milliún an meastachán uirthi.

2.6 Costais fabhraithe

amhail an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Costais riaracháin	2,270	1,548
Fabhrú párolla	1,849	973
Dámhachtainí Heipitéas C	1,606	2,129
Pá saoire fabhraithe	1,194	1,016
Sláintecare	197	—
Ciste Éire Shláintiúil	152	55
Fabhruithe eile	115	273
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann	—	88
Táillí dlíthiúla	27	46
An tSeirbhís Chomhairleach Náisiúnta	13	8
Tionscnamh idirnáisiúnta chun treochtaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint	—	1,205
	7,423	7,341

2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	688	630
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	523	475
Muirear sóisialta uilíoch/tobhach ioncaim	124	126
Cáin réadmhaoine áitiúil	3	2
Cáin bhreisluacha	139	118
Cáin iarchoimeádta seirbhísí gairmiúla	220	38
	1,697	1,389
Fionraíocht		
Asbhaintí párolla ar fionraí	396	321
Maoiniú ón AE	5,180	3,945
Míreanna fionraíochta creidmheasa eile	—	1
	5,576	4,267
	7,273	5,656

2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	54,507	28,203
Deontas Státchiste neamhtharraingthe	(59,343)	(32,505)
Glan-mhaoiniú Státchiste	(4,836)	(4,302)
Arna n-ionadú ag:		
Féichiúnaithe		
Féichiúnaí FSS (réamhíocaíocht)	80,913	78,109
Iarmhéideanna dochair: fionraíocht	2,738	4,735
	83,651	82,844
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,697)	(1,389)
Rótharraingt bhainc	(81,214)	(81,490)
Iarmhéideanna creidmheasa: AE	(5,180)	(3,945)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(396)	(322)
	(88,487)	(87,146)
	(4,836)	(4,302)

2.9 An cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2025	2024
		€000	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir			(55,355)	2,082
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar sna meastacháin	Cuntas	25,639,081		
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(54,507)		
Glanvóta			25,584,574	24,195,005
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile	1.1		21,901	21,635
Glanchoigeartú sócmhainní doláimhsithe			—	4
Glanchostas cláir	1		(25,609,190)	(24,274,081)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig			(58,070)	(55,355)

2.10 Ceangaltais

	2025	2024
	€000	€000
a) Ceangaltais fhoriomlána		
amhail an 31 Nollaig		
Cláir deontais neamhchaipitil	33,775	34,965
Cláir deontais chaipitil	25,351	33,899
Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí	59,126	68,864
b) Cláir deontais neamhchaipitil	€000	€000
Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir	34,965	34,567
Ceangaltais deontais nua	27,081	43,225
Deontais a fócadh le linn na bliana	(25,274)	(32,301)
Deontais curtha ar ceal	(2,997)	(10,526)
Iarmhéid deiridh an 31 Nollaig	33,775	34,965
c) Cláir deontais chaipitil	€000	€000
Iarmhéid Tosaigh	33,899	37,164
Deontais a fócadh le linn na bliana	(9,484)	(9,561)
Ceangaltais deontais nua	1,309	6,339
Deontais curtha ar ceal	(373)	(43)
Iarmhéid Deiridh	25,351	33,899

2.11 Dliteanais aibithe

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Meastacháin ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh bliana	147	473

2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le roinnt éileamh a bhaineann le himeachtaí dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.

Mar a fhoráiltear i mír 109 de CGAS 19, Forálacha, *Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*, tá cinneadh déanta ag an Roinn gan sonraí sonracha faoi chásanna oscailte a bhaineann le dliteanais theagmhasacha a nochtadh, ionas nach ndéanfaí dochar dá seasamh sa dlíthíocht atá ar siúl.

2.13 Sócmhainn theagmhasach: íocaíochtaí faoi bhanna ag NPHDB

In 2021 agus 2024, rinne an t-idir-réiteoir buan ar thionscadal caipitil Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, Éire (NCHI) roinnt moltaí maidir le héilimh ón bpríomhchonraitheoir don tionscadal ar choigeartuithe ar shuim an chonartha, ar éilimh iad a bhí faoi dhíospóid ag Bord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Péidiatraice (NPHDB – an fostóir) faoi théarmaí an chonartha oibreacha poiblí.

Ina dhiaidh sin d'eisigh an NPHDB 'fógra míshástachta' ar mholtaí an chomhréiteora.

Thionscain an príomhchonraitheoir imeachtaí cúirte i leith na n-éileamh agus chuir sé bannaí ar fáil i gcoinne luach mholtaí an idir-réiteora. Bhí ceanglas conarthach ar NPHDB íocaíocht a dhéanamh de bhun na mbannaí sin, mar aon le híocaíocht an dliteanais RCT.

Tá NPHDB ag cur tionscadal caipitil NCHI i gcrích faoi chonradh oibreacha poiblí modhnaithe PW-CF1. Déantar íocaíochtaí faoi bhanna mar chuid den phróiseas réitigh díospóide de réir mar a leagadh amach sa chonradh oibreacha poiblí. Ní thógtar banna amach ach amháin nuair a dhiúltaítear do mholadh idir-réiteora agus nuair a chuirtear an t-ábhar ar aghaidh chuig eadráin nó chuig an Ard-Chúirt.

Ag deireadh mhí na Nollag 2025, b'ionann iomlán na n-íocaíochtaí faoi bhanna agus €164.7 milliún (RCT san áireamh), ach ní hionann sin agus méadú ar dhliteanas conarthach. Is ar an gconraitheoir atá an riosca úis a bhaineann le híocaíochtaí faoi bhanna. (2024: €164.7 milliún)

Fágann íocaíocht faoi bhanna gur féidir an íocaíocht a moladh a fháil ar ais má dhéantar cinneadh ina dhiaidh sin an íocaíocht a fhreaschur, sa chás seo cinneadh ón Ard-Chúirt.

I gcomhréir leis an bpróiseas réitigh díospóide, bhí ar NPHDB an méid a moladh a íoc leis an gconraitheoir, agus an banna ina urrús don íocaíocht go dtí go réiteofar an díospóid sna cúirteanna. D'íoc NPHDB an RCT go díreach leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Chomhlíon NPHDB a oibleagáidí íocaíochta uile mar a cinneadh iad faoi shásraí réitigh díospóide an chonartha. Tá an próiseas idir-réitigh maidir leis na héilimh sin dúnta anois agus ní féidir leas a bhaint as moladh an idir-réiteora in imeachtaí na hArd-Chúirte.

Is léir ó chinneadh breithnithe maidir leis an tionscadal, ó Mhárta 2025, nach bhfuil moladh an idir-réiteora bhuain ceangailteach ach go sealadach, i leith na suimeanna a moladh agus a íoctar faoi réir don chonraitheoir banna a chur ar fáil.

Próiseas tarraingthe anuas Vóta agus láimhseáil na n-íocaíochtaí faoi bhanna sna ráitis airgeadais

Is é bunphrionsabal an phróisis tarraingthe anuas deontais do thionscadal caipitil Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, Éire, go gcuireann NPHDB a iarratais ar tharraingt anuas faoi bhráid FSS. Ansin cuireann FSS na méideanna sin san áireamh ina hiarratais ar tharraingt anuas ón Roinn Sláinte. Tarraingítear na híocaíochtaí sin anuas ón bhfo-cheannteideal caipitil sláinte (M.2).

Is é bunús agus cineál dlíthiúil na n-íocaíochtaí faoi bhanna gur míreanna ‘iníoctha’ iad seachas míreanna ‘speansais’ toisc nach íocaíocht dheimhnithe in aghaidh an chonartha iad.

I bhfianaise an méid sin, nochtar méid na n-íocaíochtaí faoi bhanna, ar luach €164.7 milliún (RCT san áireamh), trí nóta mar shócmhainn theagmhasach (de réir mhíreanna 39 agus 105 de *CGAS 19, Forálacha, Dlíteanaí Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*) sa chuntas leithreasa don Vóta Sláinte, ós rud é, mura ndeimhnítear an íocaíocht seo in aghaidh an chonartha, go mbeidh an méid sin inaisíoctha ag NPHDB le FSS agus, dá réir sin, ag FSS leis an Roinn Sláinte.

Tá an láimhseáil sin i gcomhréir leis an láimhseáil a chuirtear i bhfeidhm i ráitis airgeadais NPHDB (arna n-iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste), áit nach ndéantar na híocaíochtaí faoi bhanna leis an gconraitheoir a thaifeadadh i luach na ngealltanas caipitil ar tugadh conradh ina leith, agus ina n-íompraíonn NPHDB an méid a bhaineann leis an mbanna mar iarmhéid atá dlíthe do FSS, ós rud é, mura ndeimhnítear an íocaíocht seo in aghaidh an chonartha, go mbeidh an méid sin inaisíoctha le FSS.

2.14 Iarmhéid FSS

amhail an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Dlíteanas tosaigh an 1 Eanáir	(277,937)	(417,950)
Coigeartú ar fhigiúr deiridh na bliana roimhe sin	(8)	—
Cinneadh	(25,483,227)	(24,111,124)
Deontais arna n-eisiúint ^a	25,483,227	24,111,130
FSS mar fhéichiúnaí – réamhíocaíocht 2026 ^b	80,913	
Réamhíocaíocht 2025 fhéichiúnaí FSS	(78,109)	78,109
Aistarraing farasbairr chéadchaipitil	—	61,897
Dlíteanas deiridh an 31 Nollaig	(275,141)	(277,937)
Glan-iarmhéid le FSS	(275,141)	(277,937)

Nóta ^a Áirítear leis na deontais a eisíodh méid €214,000 a aisíocadh leis an Roinn ag deireadh na bliana trí leithreasaí-i-gcabhair i leith caipitil nár caitheadh.

^b In 2025, bhí iomlán na n-íocaíochtaí a eisíodh ón Vóta Sláinte chuig FSS níos mó ná an méid a leagadh amach i litir chinnidh bhliantúil an Aire. Ba réamh-mhaoiniú do 2026 é €80.9 milliún den mhéid sin.

2.15 Tionchar athruithe ar bheartais chuntasaíochta

Cuireadh naoi gCaighdeán Cuntasaíochta nua de chuid an Rialtais Láir (CGAS) i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 agus cuireadh sé Chaighdeán Cuntasaíochta nua de chuid an Rialtais Láir (CGAS) i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2025. D'fhéadfadh tionchar an bheartais nua nó na mbeartas nua a bheith le brath thar roinnt blianta. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar iarmhéid mhaoiniú an Stáit:

	2025	2024
	€000	€000
Forálacha ^a	—	(49,748)
Fabhrú saoire ^b	—	(1,016)
Fabhrú párolla ^b	—	(973)
	—	(51,737)

Nóta ^a CGAS 19 Forálacha, Dílteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha

^b CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Athruithe ar chaiteachas

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha caiteachais ón méid a chuirtear ar fáil. Is éard atá i gceist le hathrú suntasach ná +/- €100,000 agus +/- 5% den mhéid a cuireadh ar fáil (+/- 25% i gcás fo-cheannteidil riaracháin).

Caiteachas riaracháin

A.2 Taisteal agus cothú

Soláthar measta €800,000; toradh iarbhír €550,000

Tháinig an tearcchaiteachas chun cinn go príomha toisc gur ghlac aonaid ghnó socruithe malartacha cruinnithe, rud a laghdaigh an gá le taisteal. Cé go ndearnadh soláthar breise le haghaidh taistil a bhain le hUachtaránacht an AE, cuireadh siar go leor de na gníomhaíochtaí a bhí beartaithe nó níor cuireadh ar aghaidh iad, rud a d'fhág go raibh an caiteachas níos ísle ná mar a measadh. Dá bhrí sin, is féidir an difríocht a chur i leith laghdú ar an éileamh oibríochtúil agus nár tháinig na gealltanais a rabhtas ag súil leo i ndáil leis an Uachtaránacht chun cinn. Géilleadh an tearcchaiteachas ag deireadh na bliana.

A.4 Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach

Soláthar measta €1.949 milliún; toradh iarbhír €1.313 milliún

Léiríonn an difríocht go príomha nár tabhaíodh na costais óstála a rabhtas ag súil leo i leith toscaireachtaí a bhí le teacht mar chuid den ullmhúchán don Uachtaránacht. Laghdaíodh scála na ngníomhaíochtaí sin, cuireadh siar iad, nó cuireadh rannpháirtíochtaí fíorúla ina n-áit, rud a d'fhág go raibh an caiteachas oibríochtúil níos ísle. Géilleadh an tearcchaiteachas ag deireadh na bliana.

A.7 Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde

Soláthar measta €1.834 milliún; toradh iarbhír €716,000

As an leithdháileadh €1.834 milliún, bhain €1.17 milliún le tionscadail a bhí sceidealaithe le tosú in 2025. Tabhaíodh caiteachas €715,410 ar na tionscadail sin, agus bhí €223,874 fós geallta ach gan chaitheamh de bharr difríochtaí ama maidir le cur i gcrích na dtionscadal. Bhain €231,282 eile le tionscadail a cuireadh ar ceal nó a tugadh i gcrích faoi bhun an bhuiséid, rud a d'fhág go raibh an caiteachas iarbhír níos ísle ná mar a measadh. Dá bhrí sin, léiríonn an t-athrú uainiú na dtionscadal, tionscadail a cuireadh ar ceal agus coigiltis éifeachtúlachta. Géilleadh an tearcchaiteachas ag deireadh na bliana.

Deontais

B.3 Tionscnamh drugaí

Soláthar measta €11.626 milliún; toradh iarbhír €6.936 milliún

Tharla an tearcchaiteachas mar gheall ar an méid €3.9 milliún a cuireadh i leataobh lena aistriú chuig FSS faoin bpróiseas vireála. Aistriú maoinithe a bhí anseo agus ní íocaíocht iarbhír a rinneadh go díreach ó B.3. Cuireadh na cistí sin i leataobh go sonrach do thionscnaimh áirithe, agus bhí a scaoileadh ag brath ar iarratais a d'fhorghas FSS. Géilleadh an tearcchaiteachas a bhí fágtha ag deireadh na bliana.

Seirbhísí eile

D Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha

Soláthar measta €11.073 milliún; toradh iarbhír €4.404 milliún

Níor tháinig socraíocht shuntasach a rabhtas ag súil léi a bheith dlite in 2025 chun cinn, de bharr idirbheartaíochtaí dlíthiúla leanúnacha. Mar thoradh air sin, bhí difríocht shuntasach fhabhrach ann, rud a léirigh gur deacair uainiú cásanna a thuar. Géilleadh an tearcchaiteachas ag deireadh na bliana.

E.1 Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta agus comhairleacha

Soláthar measta €138.337 milliún; toradh iarbhír €110.874 milliún

Cuireann an Roinn cistí ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí sláinte suas go dtí leibhéal ceadaithe caiteachais nó caiteachais iarbhír cibé acu is lú. Bhí an caiteachas ar ghníomhaireachtaí seachas FSS, amhail an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, an Coimisiún Meabhair-Shláinte, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus comhlachtaí eile, níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis mar gheall ar leathnú seirbhísí a bheith níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis agus caiteachas a chur siar go dtí an bhliain dár gcionn.

I measc míreanna ilghnéitheacha eile den tearcchaiteachas faoin bhfo-cheannteideal seo, de bharr cláir áirithe a chur siar agus uainiú focaíochtaí, tá comhlachtaí rochtana sonraí sláinte, tionscnaimh na hOifige Sábháilteachta Othar, an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh, an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Scagthástáil agus an Coimisiún um Chúram do Dhaoine Scothaosta. Rinneadh vireáil €10 milliún chuig fo-cheannteideal E.3 in 2025 agus bhí an tearcchaiteachas a bhí fágtha le géilleadh ag deireadh na bliana.

F.3 Íocaíochtaí le cuntas speisialta arna bhunú faoi Alt 10 d'Achtanna an Bhinse Cúitimh i leith Heipitíteas C, 1997 agus 2002

Soláthar measta €15.5 milliún; toradh iarbhír €14.374 milliún

Bhí an caiteachas níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis toisc gur thug an Binse neamhspleách níos lú dámhachtainí ná mar a bhí tuartha. Ní féidir líon ná luach na ndámhachtainí a thuar go hiontaofa, rud a d'fhág go raibh an caiteachas i rith na bliana níos ísle. Géilleadh an tearcchaiteachas ag deireadh na bliana.

H Sláintecare

Soláthar measta €8.3 milliún; toradh iarbhír €5.548 milliún

Bhain an tearcchaiteachas ar Sláintecare (SIIF) in 2025 go príomha le níos lú iarratas ná mar a bhíodhas ag súil leo ar mhaoiniú Bhabhta 4; tréimhse mheasúnaithe níos faide do roinnt tionscadal i mBabhta 4 chun cinnteoireacht iomchuí a éascú; agus líon laghdaithe tionscadal rathúil tar éis an phróisis mheasúnaithe. Mar thoradh air sin, laghdaíodh an méid maoinithe a d'fhéadfaí a eisíoc le tionscadail Bhabhta 4 in 2025, i gcomparáid leis an méid a rabhtas ag súil lena eisíoc. Géilleadh an tearcchaiteachas ag deireadh na bliana.

Seirbhísí FSS eile

K.1 Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (An Crannchur Náisiúnta)

Soláthar measta €4.513 milliún; toradh iarbhír €0

Cuireann fo-cheannteideal K.1 tacaíocht deontais ar fáil d'eagraíochtaí deonacha incháilithe, faoi réir chritéir na scéime agus fíoraithe. Eascraíonn an t-athrú as nár tharraing FSS cistí anuas i rith na bliana, rud a léiríonn uainiú agus coinníollacha incháilitheachta na scéime agus comhlíonadh cheanglais an urraitheora roimh an íocaíocht. Bhí an tearcchaiteachas faoi réir vireála ag deireadh na bliana.

K.2 Íocaíochtaí le cuntas speisialta – An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006

Soláthar measta €1.7 milliún; toradh iarbhír €0

Déantar faoi fho-cheannteideal K.2 na haisíocaíochtaí reachtúla atá dlite faoin Acht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006. Is mar gheall ar an neamh-intuathacht bhunúsach a bhaineann le huainiú agus fíorú éileamh atá an t-athrú ann; i gcás nár tháinig aisíocaíochtaí incháilithe chun bheith dlite i rith na bliana, bhí an tarraingt anuas ghaolmhar níos ísle ná an soláthar. Bhí an tearcchaiteachas faoi réir vireála ag deireadh na bliana.

K.3 Íocaíocht le cuntas speisialta arna bhunú faoi Alt 4 den Acht um an mBinse Cúitimh i leith Heipitíteas C (Leasú), 2006 – scéim árachais

Soláthar measta €1 milliún; toradh iarbhír €762,000

Déantar foráil faoi fho-cheannteideal K.3 d'íocaíochtaí leis an gcuntas speisialta don scéim árachais a bhaineann leis an mBinse Cúitimh i leith Heipitíteas C. Léiríonn an t-athrú riachtanais níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leo i rith na bliana agus uainiú cásanna, rud a d'fhág go raibh an tarraingt anuas níos ísle i gcomparáid leis an meastachán. Bhí an tearcchaiteachas faoi réir vireála ag deireadh na bliana.

K.4 Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát maidir le faillí chliniciúil

Soláthar measta €510 milliún; toradh iarbhír €405.253 milliún

Maoinítear faoi fho-cheannteideal K.4 aisíocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i leith costais faillí cliniciúla a bhaineann le sláinte. Léiríonn an t-athrú riachtanas bliantúil airgid thirim a bhí níos ísle ná mar a bhí próifílithe, de bharr níos lú socraíochtaí ar luach an-ard maidir le gortuithe tubaisteacha agus máithreachas a bheith curtha i gcrích i rith na bliana, agus próifíl socraíochtaí a bheith athraithe ó chnapshuimeanna aonuaire go struchtúr íocaíochta eatramhacha nó thréimhsiúla, rud a laghdaigh an muirear i rith na bliana i gcomparáid leis an meastachán. Aistríodh €83.2 milliún ón bhfo-cheannteideal seo tríd an bpróiseas forlíontach agus bhí an tearcchaiteachas a bhí fágtha faoi réir vireála ag deireadh na bliana.

K.5 Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin)

Soláthar measta €1.985 milliún; olltoradh €nialas

Cuirtear maoiniú ó Chuntais Dhíomhaoiné ar fáil faoi fho-cheannteideal K.5 do thionscadail a bhaineann le sláinte agus atá dírithe ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus déantar é a leithdháileadh gach bliain faoi Phlean Gníomhaíochta na gCuntas Díomhaoin arna fhormheas ag an Rialtas. Faoi thús 2025, bhí na tionscadail uile faoi phleananna gníomhaíochta roimhe sin curtha i gcrích, príomhshruthaithe nó bhí na gealltanais mhaoinithe ina leith curtha ar ceal; níor cuireadh aon iarratais nua isteach do thimthriall 2025 agus níor ceadaíodh aon tionscadal, agus dá bhrí sin ní dhearnadh aon tarraingt anuas i rith na bliana. Tá plean gníomhaíochta nua formheasta anois don bhliain atá le teacht, faoina rachaidh dhá thionscadal a bhaineann le sláinte — an Clár Forbartha Pobail agus Sláinte agus treoirthionscadal na hUirlise Measúnaithe ar Riachtanais Cúramóirí — ar aghaidh, agus cuirfear tús arís leis an tarraingt anuas dá réir. Bhí an tearcchaiteachas faoi réir vireála ag deireadh na bliana.

Clár cúraim**L.2 Scéimeanna áitiúla atá bunaithe ar éileamh**

Soláthar measta €364.424 milliún; toradh iarbhír €385 milliún

Cuirtear maoiniú ar fáil faoi fho-cheannteideal L.2 do Scéimeanna áitiúla atá bunaithe ar éileamh a riartar trí sheirbhísí pobail, lena gcumhdaítear tacaíochtaí cliniciúla a bhaineann go sonrach le hothair, amhail ocsaigin baile, fearais agus tomhaltáin leighis agus mháinliachta, agus míreanna eile a choimisiúnaítear go háitiúil agus atá faoi stiúir éilimh lasmuigh de chroíscéimeanna SACP. Léiríonn an t-athrú athruithe ar líon na gcásanna, athruithe ar mheascán na gcásanna, praghsáil soláthraithe agus tosca conarthacha, chomh maith le huainiú phróiseáil na n-éileamh ar fud na réigiún, rud a d'fhág go raibh an toradh iarbhír níos ísle ná an meastachán bunaidh. Aistríodh €14.9 milliún chuig an bhfo-cheannteideal seo tríd an bpróiseas forlíontach.

Seirbhísí caipitil**M.1 Deontais i leith foirgneamh agus trealaimh (TFC san áireamh)**

Soláthar measta €19.927 milliún; toradh iarbhír €15.865 milliún

Bhí an caiteachas níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis mar gheall ar chaiteachas níos ísle ná mar a bhí tuartha ag gníomhaireachtaí seachas FSS ar thionscadail chaipitil. D'fhéadfadh caiteachas ar chláir chaipitil a bheith neamhchothrom ó thaobh ama de, rud a d'fhág go raibh an caiteachas i rith na bliana níos ísle. Ina dhiaidh sin, bhí an tearcchaiteachas faoi réir vireála laistigh den Vóta caipitil foriomlán, agus aistríodh €57k trí vireáil chuig fo-cheannteideal caipitil A.5 agus aistríodh €4.005 milliún trí vireáil chuig fo-cheannteideal M.2.

M.3 Córais faisnéise do ghníomhaireachtaí sláinte

*Soláthar measta €562.3 milliún (caipiteal €190 milliún; reatha €372.3 milliún);
toradh iarbhir €623.97 milliún (caipiteal €201.5 milliún; reatha €422.4 milliún)*

Cuirtear maoiniú reatha ar fáil faoi fho-cheannteideal M.3 do chlár teicneolaíochta, sláinte digití agus claochlaithe ar fud an chórais sláinte, lena n-áirítear costais tacaíochta, cothabhála, ceadúnaithe, óstála, cibearshlándála agus seachadta clár a bhaineann le córais náisiúnta. Léiríonn an t-athrú caiteachas níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis ar ghníomhaíochtaí cumasaithe digití agus tacaíochta teicneolaíochta i rith na bliana, de réir mar a chuaigh roinnt clár digiteach náisiúnta, ardán agus tacaíochtaí oibríochtúla gaolmhara chun cinn níos tapa ná mar a bhí próifílithe ar dtús, rud a d'fhág go raibh an toradh iarbhir níos airde ná an meastachán.

Cuirtear maoiniú caipitil ar fáil faoi fho-cheannteideal M.3 do chlár bhonneagair teicneolaíochta, sláinte digití agus claochlaithe ar fud an chórais sláinte, lena n-áirítear forbairt agus uasghrádú córas náisiúnta. Léiríonn an t-athrú ath-leithdháileadh ó fho-cheannteideal caipitil M.2 faoin bpróiseas meastachán forlíontach chun cabhrú le gealltanais maidir le gníomhaíochtaí bonneagair dhigitigh faoin gClár Rialtais a chomhlíonadh.

Chuir an t-ath-leithdháileadh seo ar chumas an réimse seo dul chun cinn níos tapa ná mar a bhí beartaithe ar dtús agus d'fhág sé go raibh caiteachas ar ghníomhaíochtaí bonneagair dhigitigh i rith na bliana níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis, de réir mar a chuaigh clár agus ardáin dhigiteacha náisiúnta chun cinn níos tapa ná mar a bhí próifílithe ar dtús, rud a d'fhág go raibh an toradh iarbhir níos airde ná an meastachán. Aistríodh €11.5 milliún chuig caipiteal fho-cheannteideal M.3 ó chaipiteal fho-cheannteideal M.2 faoin bpróiseas meastachán forlíontach. Aistríodh €46.5 milliún ó chaipiteal fho-cheannteideal M.2 chuig caiteachas reatha fho-cheannteideal M.3 faoin bpróiseas meastachán forlíontach.

Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair

		2025		2024
		Soláthar sna meastacháin	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Aisghabháil costas sláinte AE	230,700	260,000	260,000
2	Fáltais ó dhleachtanna máil áirithe ar tháirgí tobac	167,605	167,605	167,605
3	Sochar optúil	6,400	6,990	6,645
4	Sochar fiaclóireachta	3,700	7,237	5,648
5	Cuntais dhíomhaoine	250	—	710
6	Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	5,150	5,856	5,149
7	Fáltais i leith Chiste Sóisialta na hEorpa agus Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa	1,912	650	2,663
8	Ilghnéitheach	700	1,331	994
		416,417	449,669	449,414

Éagsúlachtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha ar leithreasáí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

1. **Aisghabháil costas sláinte AE**

Soláthar measta €230.7 milliún; méid réadaithe €260 milliún

Den chuid is mó, tá an t-athrú €29.3 milliún mar gheall ar íocaíocht níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis ón Ríocht Aontaithe i ndáil le héilimh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Tá gealltanais tugtha ag riarachán na Ríochta Aontaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an íocaíocht seo. Bhíomar ag súil le níos mó dul chun cinn ná mar a rinneadh maidir le hathchaibidlíú na foirmle cómhartaí leis an Ríocht Aontaithe, agus léiríodh sa mheastachán laghdú a rabhthas ag súil leis ar an nglaníocaíocht. Mar gheall ar réimse tosca, amhail easpa sonraí atá ar fáil go héasca agus ar féidir iad a mheaitseáil idir an dá dhlí, ní dhearnadh ach dul chun cinn teoranta. Dá bhrí sin, d'aontaigh an Ríocht Aontaithe an ghlaníocaíocht a choinneáil ag leibhéal na bliana roimhe sin.
3. **Sochar optúil**

Soláthar measta €6.4 milliún; méid réadaithe €7 milliún

Tá sé seo bunaithe ar éileamh agus dá bhrí sin is deacair é a thuair. Ní chuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) na figiúirí iarbhrí ar fáil go dtí mí na Nollag.
4. **Sochar fiaclóireachta**

Soláthar measta €3.7 milliún; méid réadaithe €7.2 milliún

Tá sé seo bunaithe ar éileamh agus dá bhrí sin is deacair é a thuair. Ní chuireann DSP na figiúirí iarbhrí ar fáil go dtí mí na Nollag.

5. Cuntais Dhíomhaoine

Soláthar measta €250,000; méid réadaithe €0

Níor tháinig iarratas ar mhaoiniú ó Chuntais Dhíomhaoine a rabhthas ag súil leis chun cinn.

6. Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise

Soláthar measta €5.2 milliún; méid réadaithe €5.8 milliún

Tháinig an t-athrú chun cinn mar thoradh ar mhéadú ar líon na foirne sna Gníomhaireachtaí.

7. Fáltais i leith Chiste Sóisialta na hEorpa agus Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa

Soláthar measta €1.9 milliún; méid réadaithe €650,000

Cuireann Comhlacht na gClár Speisialta AE réamhaisnéis ar fháltais ar fáil don Roinn mar chuid den phróiseas meastachán, ach, faoi réir an choinníll sin, d'fhéadfadh athrú suntasach teacht ar an méid. Sa deireadh, ní raibh na fáltais a réamhaisnéisíodh ag teacht leis an méid a fuarthas.

8. Ilghnéitheach

Soláthar measta €700,000; méid réadaithe €1.3 milliún

Tháinig an t-athrú chun cinn mar gheall ar aisíocaíocht €732,000 ó Chomhairle Contae na Mí i leith maoiniú nár caitheadh. Thug Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), trí FSS, méid €213,000 ar ais i ndáil le maoiniú a fuarthas tríd an bpróiseas forlíontach. Níor cuireadh na méideanna sin san áireamh sa soláthar measta.

4.2 Ioncam ó idirbhearta malartaithe agus neamh-mhalartaithe

Is ionann na leithreasaí-i-gcabhair agus suimeanna airgid a fuarthas sa bhliain. Léiríonn Ioncam an Vóta ioncam a bhaineann le gníomhaíocht na bliana, bunaithe ar an bprionsabal um fhabhrú.

	2025
	€000
Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalartaithe	
Deontas Príomh-Chiste	25,584,574
Aisghabháil costas sláinte AE	260,000
Fáltais ó dhleachtanna máil ar tháirgí tobac	167,605
Sochar fiaclóireachta	7,237
Sochar optúil	6,990
Ranníocaíocht aoisliúntais bhreise	5,856
Maoiniú AE ó chómhaoiniú	650
Laghdú ar ioncam fabhraithe - ASC	(69)
Ioncam ó idirbhearta malartaithe	
Táillí ceadúnais faoi na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí	46
Ioncam eile	
Aisíocaíocht scéimeanna deontais (blianta roimhe seo)	1,285
Ioncam iomlán	26,034,174
Arna léiriú ag	
Iomlán na leithreasaí-i-gcabhair	449,669
Deontas Príomh-Chiste	25,584,574
Laghdú ar ioncam fabhraithe	(69)
	26,034,174

4.3 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

	2025	2024
	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	—	—
Géilleadh deonach pá	—	48
Aistrithe chuig an Státchiste	—	(48)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	—	—

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

Amhail an 31 Nollaig	2025	2024
Roinn	688	670
Fostaithe díreacha FSS ^a	95,763	93,793
Fostaithe na seirbhísí deonacha géarmhíochaine agus neamhghéarmhíochaine (alt 38)	55,898	54,475
Gníomhaireachtaí eile ^b	2,469	2,300
	154,818	151,238

Nóta ^a Áirítear sna figiúirí seo fostaithe a mhaoinítear ag an Roinn Sláinte agus ag an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais araon.

^b Áirítear le 'gníomhaireachtaí eile' gach gníomhaireacht atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne lena n-áirítear iad siúd nach bhfaigheann maoiniú díreach ón Státchiste.

5.2 Pá ^a

Luach saothair na Roinne	2025 €000	2024 €000
Pá	49,644	46,091
Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	398	281
Liúntais eile	5	3
Ragobair	109	104
ÁSPC an fhostóra	4,542	4,092
Pá scarúna	58	—
	54,756	50,571

Nóta ^a Tuarastail mar a taifeadadh iad i bhfo-cheannteidil A.1 agus H.1

Luach saothair FSS	2025	2024
	€000	€000
Pá	6,063,941	5,779,957
Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	711,422	679,833
Riaráistí	18,710	28,388
Ragobair	369,270	355,469
ÁSPC an fhostóra	738,832	698,840
Íocaíocht aitheantais speisialta paidéime	—	45
Aoisliúntas	1,133,158	1,034,660
Pá iomlán fostaithe díreacha FSS	9,035,333	8,577,192
Costais foirne na Gníomhaireachta	833,216	725,980
Pá iomlán ^a	9,868,549	9,303,172

Nóta ^a Baineann na costais phá iomlána thuas le seirbhísí FSS amháin. Tugtar cuntas ar chostais phá fostaithe san earnáil dheonach faoi chaiteachas neamhphá (deontais ioncaim do ghníomhaireachtaí seachtracha) i ráitis airgeadais bhliantúla FSS. Áirítear sna figiúirí seo fostaithe a mhaoinítear ag an Roinn Sláinte agus ag an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais araon.

Luach saothair fhoireann na ngníomhaireachtaí eile	2025	2024
	€000	€000
Pá	106,511	95,205
Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	319	373
Liúntais eile	86	92
Ragobair	44	27
ÁSPC an fhostóra	11,331	9,970
Pá iomlán ^a	118,291	105,667

Nóta ^a I measc na ngníomhaireachtaí eile tá gníomhaireachtaí atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas FSS.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair is airde	
			2025 €	2024 €
Foireann na Roinne				
Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	36	16	35,941	27,563
Liúntais eile	6	—	1,489	1,685
Ragobair	18	2	21,527	21,980
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	5	4	26,834	27,184
Foireann na gníomhaireachta ^a				
Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	80	8	46,677	17,690
Liúntais eile	20	—	6,394	6,394
Ragobair	25	—	5,581	3,541
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	1	—	825	—

Nóta ^a I measc na ngníomhaireachtaí eile tá gníomhaireachtaí atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas FSS.

5.4 Bandaí pá fostaithe na Roinne

Seo a leanas líon na bhfostaithe de chuid na Roinne arbh ionann a sochair fostaíochta iomlána don bhliain airgeadais agus suim idir €20,000 agus €59,999, agus an líon i ngach banda €10,000 ó €60,000 aníos. Áirítear bunphá, liúntais agus ragobair sna sochair sin, ach ní áirítear ÁSPC ná costais phinsin an fhostóra iontu.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Go	2025	2024
20,000	59,999	335	324
60,000	69,999	74	73
70,000	79,999	53	70
80,000	89,999	87	63
90,000	99,999	48	51
100,000	109,999	35	28
110,000	119,999	29	20
120,000	129,999	12	14
130,000	139,999	9	2
140,000	159,999	—	—
160,000	169,999	—	1
170,000	179,999	1	2
180,000	189,999	5	3
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	—	1
210,000	299,999	—	—
300,000	309,999	—	1
310,000	319,999	1	—

5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

	2025	2024
	€000	€000
Bunphá	<u>316</u>	<u>305</u>

Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a gnóthaíodh le linn na tréimhse. Is ball é an tOifigeach Cuntasaíochta de Scéim Pinsin na nIontrálaithe Nua Bunaithe Iar-2004 agus ní théann a theidlíochtaí ar shochair scoir thar ghnáth-théarmaí na scéime pinsin sin.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

amhail an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2025 €	2024 €
Ró-íocaíochtaí	86	222,939	222,670
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	8	35,144	11,746

Aistríodh ró-íocaíochtaí ar luach €10,888 chuig comhlachtaí eile seirbhíse poiblí.

5.7 Íocaíocht ex-gratia

Rinneadh íocaíocht €75,000 san iomlán le carthanas OACS Ireland (Organisation Anticonvulsant Syndromes Ireland) le linn 2025.

Níor lorgaíodh ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, mar a cheanglaítear i dtreoirínte *Nósanna Imeachta Airgeadais* Phoiblí na Roinne.

5.8 Scaoilíocaíocht agus íocaíocht iomarcaíochta

In 2025, fuair ceathrar ball foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht íocaíochtaí iomarcaíochta agus scaoilíocaíochta arbh fhiú €58,450 san iomlán iad.

Grád	Líon na bhfaighteoirí	Scaoilíocaíocht €	Iomarcaíocht €
Grád an Phríomhoifigigh	1	6,012	31,992
Tiománaí sibhialta	3	5,796	14,650
Iomlán		11,808	46,642

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Coimisiún cuspóra sheasta	Bliain an cheapacháin	Caiteachas carnach go deireadh 2025 €000	Caiteachas in 2025 €000	Caiteachas in 2024 €000
Fiosrúchán Valpróait Sóidiam	2024	1,020	647	373
Binse CervicalCheck	2020	4,203	5	424
		5,223	652	797

6.2 Maoiniú ón AE

Fuarthas an méid €650,000 in 2025 ó CFRE/INTERREG agus léiríodh é mar leithreasáí-i-gcabhair; fuarthas é chun caiteachas taifeadta faoi fho-cheannteideal E.4 i mblianta roimhe seo a chómhaoiniú.

Bhain an méid €1.649 milliún a íocadh as fo-cheannteideal E.4 in 2025 le Peace Plus.

Tá cuntas fionraíochta AE á oibriú ag an Roinn Sláinte chun fáltais agus caiteachas nach gcuirtear faoi mhuirear an Vóta a thaifeadadh. In 2025, fuarthas €9.029 milliún ón AE isteach i gcuntas fionraí AE agus íocadh €7.794 milliún amach le faighteoirí.

6.3 Cúiteamh agus costais dlíthiúla

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh ó		lomlán 2025	lomlán 2024
	Fostaithe	Baill den phobal		
Líon na gcásanna	2	18	20	21
	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne féin	12	1,264	1,276	742
Íocaíochtaí ón Roinn/thar ceann na Roinne				
Cúiteamh	55	1,121	1,176	3,825
Costais dlíthiúla	2	623	625	725
Costais eile	—	32	32	40
lomlán 2025	69	3,040	3,109	5,332
lomlán 2024	38	5,294	5,332	

6.4 Ciste Speisialta Cnáimhseachais (SOIS)

In 2008, bhunaigh an tAire Sláinte Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais. Faoin scéim, d'aontaigh an tAire Ospidéal Bon Secours (Corcaigh) agus Ospidéal Achadh an Toir a shlánú maidir le héilimh shonraithe chnáimhseachais. Bunaíodh ciste le rannfocaíochtaí ón dá ospidéal, ón gCumann Cosanta Leighis agus ón Roinn Sláinte. Íocann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát éilimh de réir mar a thagann siad chun cinn. Tá údarás tugtha ag an Aire Sláinte don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát airgead a tharraingt anuas as an gciste chun costas na n-éileamh a chlúdach.

In 2024, baineadh úsáid iomlán as ciste SOIS Ospidéal Achadh an Toir agus, de réir an chomhaontaithe rannpháirtíochta, gearradh an t-iarmhéid a bhí le haisíoc ar an Scéim Slánaíochta Cliniciúla.

Amhail an 31 Nollaig 2025, b'ionann iarmhéid an chiste (Bon Secours amháin) agus €2.962 milliún san iomlán (2024: €2.958 milliún). Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bhainistíonn an ciste agus léirítear an t-ioncam agus an caiteachas gaolmhar i ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát.

6.5 Íocaíochtaí úis déanacha agus íocaíochtaí cúitimh

	2025	2024
	€000	€000
lomlán na n-íocaíochtaí úis a íocadh	3	7

6.6 Díscríobhanna

	2025	2024
	€000	€000
Díscríobhanna cuntais fionraí	1	29